CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2094 ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Meán Fómhair 2023

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/485 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le húdarú don Danmhairg leanúint de bheart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 75 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 395(1) di,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/485 ([2]) ón gComhairle, údaraíodh an Danmhairg beart speisialta de mhaolú ar Airteagal 75 de Threoir 2006/112/CE chun scéim ar ráta comhréidh a chur i bhfeidhm maidir le húsáid phríobháideach feithiclí earraí éadroma a bhfuil uasmheáchan údaraithe 3 thona acu agus atá cláraithe le haghaidh gnó amháin ('an beart speisialta'). Tá an beart speisialta le dul in éag an 31 Nollaig 2023.

(2) Trí litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 21 Márta 2023, d'iarr an Danmhairg údarú chun leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm tar éis an 31 Nollaig 2023.

(3) De bhun Airteagail 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, tharchuir an Coimisiún an iarraidh a chuir an Danmhairg isteach chuig na Ballstáit eile le litreacha dar dáta an 3 agus an 4 Bealtaine 2023. Le litir dar dáta an 5 Bealtaine 2023, thug an Coimisiún fógra don Danmhairg go raibh an fhaisnéis uile is gá aige chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh sin.

(4) Le cur i bhfeidhm leanúnach an bhirt speisialta ,cheadófaí do dhaoine inchánach a chláraigh feithicil le haghaidh gnó amháin an fheithicil sin a úsáid chun críocha príobháideacha, agus chun méid inchánach an tsoláthair mheasta seirbhísí a ríomh de bhun Airteagal 75 de Threoir 2006/112/CE ar bhonn laethúil ar ráta comhréidh, seachas a gceart a chailleadh an cháin bhreisluacha (CBL) a thabhaítear ar chostas ceannaigh na feithicle sin a asbhaint.

(5) Ba cheart, áfach, an modh ríomha simplithe faoin mbeart speisialta a theorannú do 20 lá úsáide chun críocha príobháideacha do gach bliain féilire.

(6) De réir na faisnéise a chuir an Danmhairg ar fáil ina hiarraidh, níor tháinig aon athrú ar an staid fhíorasach a thug údar maith leis an mbeart speisialta a chur i bhfeidhm. Chuir an Danmhairg tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin, mar aon lena hiarraidh, ag athbhreithniú na suime comhréidh atá le híoc in aghaidh an lae chun úsáid príobháideach a bhaint asfeithicil atá cláraithe le haghaidh gnó amháin . Sa tuarascáil sin, áitíonn an Danmhairg nach bhfuil aon athrú ar an méid CBL inbhailithe in aghaidh an lae ag DKK 40.

([1]) IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/485 ón gComhairle an 19 Márta 2018 lena n-údaraítear an Danmhairg beart speisialta a thabhairt isteach lena maolaítear ó Airteagal 75 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 81, 23.3.2018, lch. 13).

(7) Áitíonn an Danmhairg go bhfuil ag éirí go han-mhaith leis an mbeart speisialta le blianta beaga anuas agus go bhfuil méadú ag teacht ar líon na ndaoine inchánach a bhain úsáid as. Dearbhaíonn an Danmhairg freisin go bhfuil sé mar aidhm ag an mbeart speisialta simpliú a dhéanamh ar na hoibleagáidí CBL atá ar dhaoine inchánach a bhaineann úsáid príobháideach ócáideach as feithicil a cláraíodh le haghaidh gnó amháin, agus ar an gcaoi sin an nós imeachta chun CBL a bhailiú a shimpliú. Mar sin féin, d'fhéadfadh duine inchánach rogha a dhéanamh feithicil earraí éadroma a chlárú mar fheithicil a úsáidtear chun críocha gnó agus príobháideach araon. Agus é sin á dhéanamh aige, chaillfeadh an duine inchánach an ceart chun an CBL a tabhaíodh ar chostas ceannaigh na feithicle a asbhaint ach ní bheadh air táille laethúil a íoc as aon úsáid chun críocha príobháideach.

(8) Ní bhaineann údarú an bhirt speisialta an ceart iomlán chun an CBL ionchuir a asbhaint ar fheithicil atá cláraithe le haghaidh gnó amháin agus a úsáidtear ó am go ham go príobháideach a bhaint de dhuine inchánach agus tá sé comhsheasmhach leis na rialacha ginearálta maidir le hasbhaint mar a leagtar amach i dTreoir 2006/112/CE.

(9) Is iomchuí, dá bhrí sin, síneadh a chur le cur chun feidhme an bhirt speisialta. Ba cheart teorainn ama a chur leis an síneadh sin ionas go bhféadfaidh an Coimisiún meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar oiriúnacht an bhirt speisialta. Ba cheart, dá bhrí sin, go rachadh údarú an bhirt speisialta in éag an 31 Nollaig 2026.

(10) I gcás ina n-iarrfaidh an Danmhairg síneadh breise a chur leis an mbeart speisialta tar éis an 31 Nollaig 2026, ba cheart di tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar aon lena hiarraidh ar shíneadh faoin 31 Márta 2026.

(11) De réir na faisnéise a chuir an Danmhairg ar fáil ina hiarraidh, ní bheidh ach éifeacht dhiomaibhseach ag cur i bhfeidhm an bhirt speisialta ar mhéid foriomlán ioncam cánach a bhailíonn an Danmhairg ag céim an tomhaltais deiridh agus ní dhéanfaidh sé dochar d'acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/485 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/485, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír agus an tríú mír:

'Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2026.

Cuirfear aon iarraidh ar síneadh a chur leis an mbeart dá bhforáiltear sa Chinneadh seo faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta 2026 agus beidh tuarascáil ag gabháil leis ina mbeidh athbhreithniú ar an mbeart.'.

Airteagal 2

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

Airteagal 3

Is chuig Ríocht na Danmhairge a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
F. GRANDE-MARLASKA GÓMEZ